RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1179 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011 a mhéid a bhaineann leis na táblaí comhiomlána agus na comhaid micreashonraí maidir le tarchur na sonraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht agus lena n-aisghairtear Treoir 95/57/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011 ón gCoimisiún ([2]) an caighdeán malartaithe le haghaidh táblaí comhiomlána agus comhaid micreashonraí.

(2) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún ([3]) lena leagtar síos athruithe teicniúla ar an bhformáid ina gcuirtear ar aghaidh sonraí bliantúla atá le cur chuig an gCoimisiún, ní mór Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1051/2011 a oiriúnú a mhéid a bhaineann leis na táblaí comhiomlána agus leis na comhaid micreashonraí le haghaidh tarchur sonraí.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1051/2011 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1051/2011 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

leasaítear na tacair sonraí atá liostaithe sa tríú fleasc faoi "Ceanntásc" mar a leanas:

(1) cuirtear "TOUR_CAP_A" in ionad "int_cap_annual";

(2) cuirtear "TOUR_OCC_A" in ionad "int_occ_annual";

(3) cuirtear "TOUR_NIGHTS_M" in ionad "int_occ_mnight";

(4) cuirtear "TOUR_ARRNOCC_M" in ionad "int_occ_marrno";

(5) cuirtear "TOUR_NONRENT_A" in ionad "int_non_rented";

(6) cuirtear "TOUR_PARTIC_A" in ionad "nat_dem_partic";

([1]) IO L 192, 22.7.2011, lch. 17.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1051/2011 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht, a mhéid a bhaineann le struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta agus tarchur sonraí (IO L 276, 21.10.2011, lch. 13).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht, a mhéid a bhaineann le sprioc-amanna tarchurtha agus le hIarscríbhinní I agus II a oiriúnú (IO L 258, 9.10.2019, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

(7) cuirtear “TOUR_SDVOUT_Q” in ionad “nat_dem_sdvout”;

(8) cuirtear “TOUR_SDVDOM_Q” in ionad “nat_dem_sdvdom”.

(2) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN III

Comhaid micreashonraí le haghaidh tarchur sonraí a liostaítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011

Struchtúr agus códú na gcomhad: socruithe praiticiúla

Beidh gach turas a ndéantar breathnóireacht air ina thaifead aonair sa tacar sonraí a tharchuirtear. Déanfar an comhad micreashonraí sin a sheiceáil go hiomlán, a chur in eagar agus, i gcás inar gá, a iontráil go barúlach agus beidh sé i gcomhréir le struchtúr na gcomhad agus leis an gcódú a ndéantar tuairisc orthu sa tábla thíos. Soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) treoir bhreise i dtaca leis an bhformáid don tarchur.

Sonraí nach bhfuil i gcomhréir leis an gcaighdeán malartaithe a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, measfar nach bhfuil siad tarchurtha.

Ceanntásc

Is é is cuspóir don cheanntásc an tsraith sonraí tarchurtha a shainaithint. Ceithre réimse a bheidh ann:

— Sa *tréimhse thagartha*, beidh seacht gcarachtar, lena gcuirtear an bhliain in iúl leis na chéad cheithre cinn agus lena gcuirtear an tréimhse den bhliain in iúl leis na trí cinn dheireanacha (A00).

— Sa *chód tíre* beidh dhá charachtar, ina bhfuil cód tíre dhá charachtar an Bhallstáit atá ag tarchur na sonraí. Samplaí: BE (an Bheilg), BG (an Bhulgáir), […]

— Aitheantóir an tacair sonraí a bheidh san *Ábhar*: nat_dem_microdata.

— Faoi *Airgeadra* sainaithnítear an t-airgeadra ina ndéantar an caiteachas a thuairisciú (EUR nó NAC). Cé go soláthróidh na Ballstáit sa limistéar euro sonraí in euro (cód EUR), féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro sonraí a thuairisciú in euro nó ina n-airgeadra náisiúnta (cód NAC). Mar sin féin, ní mór an caiteachas iomlán a thuairisciú san airgeadra céanna laistigh d'aon chomhad amháin.

Sonraí

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
ID	000001-999999	**Sraithuimhir an turais**	
		SAINTRÉITHE AN TURAIS	
Réimse 1		**Mí imeachta**	
	01-24	Uimhir na míosa (mí Eanáir na bliana tagartha = 01, mí Nollag na bliana tagartha = 12; Mí Eanáir na bliana féilire roimhe sin = 13, mí Nollag na bliana féilire roimhe sin = 24)	
Réimse 2		**Ré an turais de réir líon na n-oícheanta**	
	001-366	Líon na n-oícheanta (trí dhigit ar a mhéad)	
Réimse 3		**Ré an turais: líon na n-oícheanta a caitheadh ar an gcríoch intíre**	Do thurais amach amháin Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	000-183	Líon na n-oícheanta (trí dhigit ar a mhéad)	
Réimse 4		**Príomhthír chinn scríbe**	

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
		Códú de réir an liosta tíortha sa lámhleabhar modheolaíoch arna tharraingt suas faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 692/2011	
Réimse 5		**Príomhchuspóir an turais**	
	1	Cuspóir príobháideach/pearsanta: fóillíocht, áineas agus laethanta saoire	
	2	Cuspóir príobháideach/pearsanta: cuairt ar ghaolta agus ar chairde	
	3	Cuspóir príobháideach/pearsanta: eile (e,g. cóireáil sláinte, oilithreacht)	
	4	Cuspóir gairmiúil/gnó	
		Cineál cinn scríbe	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
Réimse 6	1	Cathair = Bhí	
	2	Cathair = Ní raibh	
	9	Cathair = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 7	1	Cois farraige = Bhí	
	2	Cois farraige = Ní raibh	
	9	Cois farraige = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 8	1	Faoin tuath (lena n-áirítear cois locha, cois abhann, etc.) = Bhí	
	2	Faoin tuath (lena n-áirítear cois locha, cois abhann, etc.) = Ní raibh	
	9	Faoin tuath (lena n-áirítear cois locha, cois abhann, etc.) = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 9	1	Long chúrsála = Bhí	
	2	Long chúrsála = Ní raibh	
	9	Long chúrsála = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 10	1	Sléibhte (ardchríocha, cnoic, etc.) = Bhí	
	2	Sléibhte (ardchríocha, cnoic, etc.) = Ní raibh	
	9	Sléibhte (ardchríocha, cnoic, etc.) = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 11	1	Eile = Bhí	
	2	Eile = Ní raibh	
	9	Eile = Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 12		**Leanaí sa ghrúpa**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
	9	Ní bhaineann (Réimse 5 = 4) le hábhar	
Réimse 13		**Príomh-mhodh iompair**	
	1	Aer (eitiltí, sceidealta nó cairtfhostaithe, nó aersheirbhísí eile)	
	2	Uiscebhealach (línte paisinéirí agus báid farantóireachta paisinéirí, cúrsálacha, bád pléisiúir, soitheach ar cíos, etc.)	
	3	Iarnród	
	4	Bus, cóiste (rialta/sceidealta nó ócáideach/ neamhsceidealta)	
	5	Bus nó cóiste rialta/sceidealta	Miondealú roghnach
	6	Bus nó cóiste ócáideach/neamhsceidealta	Miondealú roghnach
	7	Mótarfheithicil phríobháideach (ar leis an duine féin é nó atá ar léas aige, lena n-áirítear gluaisteán de chuid cairde/gaolta)	
	8	Mótarfheithicil ar cíos (lena n-airítear ardáin comhroinnte síob nó comhroinnte gluaisteán)	
	9	Eile (e.g. rothar)	
Réimse 14		**Príomh-mhodhanna cóiríochta**	
	1	Cóiríocht ar cíos: óstáin nó cóiríocht chomhchosúil	
	2	Cóiríocht ar cíos: ionaid champála, páirc carbhán nó leantóirí (neamhchónaitheach)	
	3	Cóiríocht ar cíos: amhail teach, villa nó árasán; seomra nó seomraí ar cíos i dteach	
	4	Cóiríocht ar cíos: cóiríocht eile ar cíos (amhail brúnna óige, muiríní, bunachais sláinte,)	
	5	Cóiríocht nach cóiríocht ar cíos í: teach saoire an duine féin	
	6	Cóiríocht nach cóiríocht ar cíos í: cóiríocht arna soláthar ag gaolta nó ag cairde saor in aisce	
	7	Cóiríocht nach cóiríocht ar cíos í: cóiríocht eile nach cóiríocht ar cíos í	
Réimse 15		**An turas a chur in áirithe: úsáideadh an t-idirlíon chun an príomh-mhodh cóiríochta a chur in áirithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	
Réimse 16		**An turas a chur in áirithe: An acmhainn a úsáideadh chun an príomh-mhodh cóiríochta a chur in áirithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
	1	Teagmháil dhíreach leis an soláthróir cóiríochta	
	2	Trí ghníomhaireacht taistil, trí thionscnóir turas, trí thairseach nó trí ghníomhaireacht um maoin ghearrthéarmach nó trí ghníomhaireacht a ligeann lóistín amach chun saoire a liostaíonn soláthróirí cóiríochta éagsúla	
	3	Ní raibh gá le háirithint	
Réimse 17		**Cur in áirithe an phríomh-mhodha cóiríochta trí shuíomh gréasáin nó trí aip amhail Airbnb, Booking.com, Expedia, HomeAway**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	
	9	Ní bhaineann (Réimse 14 ≠ 3 nó Réimse 15 ≠ 1 nó Réimse 16 ≠ 2) le hábhar	
Réimse 18		**An turas a chur in áirithe: úsáideadh an t-idirlíon chun an príomh-mhodh iompair a chur in áirithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	
Réimse 19		**An turas a chur in áirithe: an acmhainn a úsáideadh chun an modh iompair a chur in áirithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Go díreach tríd an soláthróir taistil	
	2	Trí ghníomhaireacht taistil, trí thionscnóir turas nó trí thairseach	
	3	Ní raibh gá le háirithint	
Réimse 20		**Cur in áirithe an phríomh-mhodha iompair trí shuíomh gréasáin nó trí aip amhail BlaBlaCar**	Athróg thríbhliantúil roghnach, mura ndearnadh é a tharchur: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	
	9	Ní bhaineann (Réimse 18 ≠ 1 nó Réimse 19 ≠ 2) le hábhar	
Réimse 21		**An turas a chur in áirithe: turas láneagraithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	
Réimse 22		**An turas a chur in áirithe: úsáideadh an t-idirlíon chun an pacáiste a chur in áirithe**	Athróg thríbhliantúil, sna blianta roghnacha: cód = Bánán
	1	Bhí	
	2	Ní raibh	

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
Réimse 23		**Caiteachas an turasóra aonair ar phacáistí le linn an turais**	
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
Réimse 24		**Caiteachas an turasóra aonair ar iompar le linn an turais**	
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
Réimse 25		**Caiteachas an turasóra aonair ar chóiríocht le linn an turais**	
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
Réimse 26		**Caiteachas an turasóra aonair ar bhia agus ar dheochanna i gcaiféanna agus i mbialanna le linn an turais**	Athróg roghnach, mura dtarchuirtear é: cód = Bánán
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
Réimse 27		**Caiteachas eile an turasóra aonair le linn an turais (caiteachas iomlán eile, lena n-áirítear ar bhuanearraí agus ar earraí luachmhara)**	
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
Réimse 28		**Buanearraí agus earraí luachmhara (fo-chatagóir de 'Caiteachas eile an turasóra le linn an turais')**	
	00000000-9999-9998	An méid in euro (nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) (ocht ndigit ar a mhéad)	
		PRÓIFÍL AN CHUAIRTEORA	
Réimse 29		**Inscne**	
	1	Fireann	
	2	Baineann	
Réimse 30		**Aois**	
	000-198	An líon iomlán blianta (trí dhigit)	
Réimse 31		**Tír chónaithe**	
		Cód dhá dhigit na tíre (an Bheilg = BE, an Bhulgáir = BG, ...)	
Réimse 32		**Leibhéal gnóthachtála oideachais**	Athróg roghnach, mura dtarchuirtear é: cód = Bánán

Ainm an cholúin	Aitheantóir	Tuairisc///Cur síos	Scagadh/barúlacha
	1	Oideachas meánscoile íochtaraí ar a mhéad (ISCED 2011 leibhéil 0-2)	
	2	Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas iar-mheánscoile (neamhthreasach) (ISCED 2011 leibhéil 3 agus 4)	
	3	Oideachas treasach (ISCED 2011 leibhéil 5-8)	
Réimse 33		**Staid fostaíochta**	Athróg roghnach, mura dtarchuirtear é: cód = Bánán
	1	Fostaithe (fostaí nó féinfhostaithe)	
	2	Dífhostaithe	
	3	Mac léinn/dalta	
	4	Daoine eile nach bhfuil sa lucht oibre	
Réimse 34		**Ioncam teaghlaigh i gceathairíleanna**	Athróg roghnach, mura dtarchuirtear é: cód = Bánán
	1	1ú ceathairíl	
	2	2ú ceathairíl	
	3	3ú ceathairíl	
	4	4ú ceathairíl	
		FACHTÓIR OLL-ARDAITHE	
		Fachtóir oll-ardaithe ó shampla go pobal	
Réimse 35	000000-999999	Tá slánuimhreacha i réimse 35	
Réimse 36	000-999	Tá deachúlacha i réimse 36”	